BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Séú Dlísheomra)

13 Márta 2025 *

(Tarchur chun réamhrialú – Comhchóras cánach breisluacha – Treoir 2006/112/CE – Ceart chun cáin bhreisluacha (CBL) a asbhaint – Idirbheart díolacháin arna athaicmiú ag na húdaráis chánach mar aistriú gnó lasmuigh de raon feidhme CBL – Mainneachtain an sonrasc a cheartú laistigh den tréimhse theorann – Dodhéantacht CBL arna íoc i leith an idirbhirt sin a aisghabháil – Prionsabail na héifeachtachta agus na neodrachta fioscaí – Aisíocaíocht cánach)

I gCás C-640/23,

IARRAIDH ar réamhrialú faoi Airteagal 267 CFAE ón Înalta Curte de Casație și Justiție (an Ard-Chúirt um Achomharc agus um Cheartas, an Rómáin), trí bhreith an 26 Meitheamh 2023, a fuarthas ag an gCúirt an 25 Deireadh Fómhair 2023, sna himeachtaí idir

Direcția Generală Regională a Finanțelor Publice Galați – Administrația Județeană a Finanțelor Publice Vrancea,

Direcția Generală de Administrare a Marilor Contribuabili

v

Greentech SA,

tugann AN CHÚIRT (an Séú Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: A. Kumin, Uachtarán Dlísheomra, F. Biltgen (Rapóirtéir), Uachtarán an Chéad Dlísheomra, agus S. Gervasoni, Breitheamh,

Abhcóide Ginearálta: R. Norkus,

Cláraitheoir: A. Calot Escobar,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn,

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– Greentech SA, ag D.-D. Dascălu agus A.M. Iordache, avocați,

– Rialtas na Rómáine, ag M. Chicu, E. Gane agus A. Wellman, i gcáil Gníomhairí,

* Teanga an cháis: an Rómáinis.

– an Coimisiún Eorpach, ag M. Herold agus T. Isacu de Groot, i gcáil Gníomhairí,

tar éis cinneadh a dhéanamh, i ndiaidh an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, breith a thabhairt ar an gcás gan Tuairim,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Baineann an iarraidh ar réamhrialú le léiriú ar phrionsabail na neodrachta cánach breisluacha (CBL), ar an deimhneacht dhlíthiúil agus ar ionchais dhlisteanacha a chosaint agus ar Airteagail 2, 19, 168 agus 203 de Threoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO 2006 L 347, lch. 1) ('an Treoir maidir le CBL').

2 Rinneadh an iarraidh seo in imeachtaí idir an Direcția Generală Regională a Finanțelor Publice Galați – Administrația Județeană a Finanțelor Publice Vrancea [Ard-Stiúrthóireacht Réigiúnach an Airgeadais Phoiblí Galați (DGRFP Galați), an Rómáin – Riarachán Roinne an Airgeadais Phoiblí Vrancea (AJFP Vrancea), an Rómáin] agus an Direcția Generală de Administrare a Marilor Contribuabili (Ard-Stiúrthóireacht um Riaracháin na gCáiníocóirí Móra, an Rómáin), maidir leis na meabhrúcháin CBL agus na costais choimhdeacha a ghearrtar ar Greentech.

An creat dlíthiúil

Dlí an Aontais

3 Foráiltear an méid seo a leanas in Airteagal 2(1) den Treoir maidir le CBL:

'Beidh na hidirbhearta seo a leanas faoi réir CBL:

a) soláthar earraí arna dhéanamh ar chomaoin laistigh de chríoch Bhallstáit ag duine inchánach ag gníomhú sa cháil sin;

[...]'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

4 Foráiltear le hAirteagal 19 den Treoir sin:

'I gcás aistriú iomlán sócmhainní nó cuid díobh, cibé acu ar chomaoin nó nach ea nó mar ranníocaíocht le cuideachta, féadfaidh na Ballstáit a mheas nár tharla aon soláthar earraí agus go gcaithfear leis an duine a n-aistrítear na hearraí chuige mar chomharba an aistreora.

Féadfaidh na Ballstáit, i gcásanna nach bhfuil an faighteoir faoi dhliteanas iomlán cánach, na bearta is gá a dhéanamh chun saobhadh iomaíochta a chosc. Féadfaidh siad aon bhearta is gá a ghlacadh freisin chun imghabháil nó seachaint cánach a chosc trí úsáid a bhaint as an airteagal sin.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

5 Is mar seo a leanas atá an fhoclaíocht in Airteagal 29 den Treoir sin:

‘Beidh feidhm ag Airteagal 19 ar an gcaoi chéanna maidir le soláthar seirbhísí.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

6 De réir Airteagal 167 den Treoir sin:

‘Beidh ceart asbhainte ann tráth a bheidh an cháin in-asbhainte ina cáin inmhuirearaithe.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

7 Foráiltear an méid seo a leanas le hAirteagal 168 den Treoir maidir le CBL:

‘Sa mhéid go n-úsáidtear na hearraí agus na seirbhísí chun críocha idirbhearta an duine inchánach a ngearrtar cáin orthu, beidh an duine inchánach i dteideal, sa Bhallstát ina ndéanann sé na hidirbhearta sin, na méideanna seo a leanas a bhaint den CBL a bhfuil sé faoi dhliteanas a íoc:

(a) CBL atá dlite nó íoctha sa Bhallstát sin i ndáil le soláthairtí earraí nó seirbhísí dó, a dhéanann duine inchánach eile nó a bheidh le déanamh aige;

(b) an CBL atá dlite i ndáil le hidirbhearta a gcaitear leo mar sholáthairtí earraí nó seirbhísí de bhun Airteagal 18(a) agus Airteagal 27;

(c) an CBL atá dlite i ndáil le fáil earraí laistigh den Chomhphobal de bhun Airteagal 2(1)(b) (i);

(d) an CBL atá dlite ar idirbhearta a láimhseáiltear mar éadálacha laistigh den Chomhphobal i gcomhréir le hAirteagail 21 agus 22;

(e) an CBL atá dlite nó íoctha i ndáil le hearraí a allmhairítear isteach sa Bhallstát sin.’

8 De réir Airteagal 179 den Treoir sin:

‘Déanfaidh an duine inchánach an asbhaint ach an méid iomlán CBL a bhaint den mhéid iomlán CBL atá dlite le haghaidh tréimhse chánach ar leith ar ina leith, le linn na tréimhse céanna, a bhí an ceart asbhainte ann, agus a fheidhmítear i gcomhréir le hAirteagal 178.

D’fhéadfadh na Ballstáit a éileamh, áfach, go bhfeidhmeoidh daoine inchánach a dhéanann idirbhearta ócáideacha, mar a shainítear in Airteagal 12, a gceart asbhainte ag tráth an tsoláthair, agus ag an tráth sin amháin.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

9 Foráiltear le hAirteagal 203 den Treoir sin:

‘Beidh CBL iníoctha ag aon duine a chuireann CBL isteach ar shonrasc.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Dlí na Rómáine

An Cód Cánach

10 Faoi Airteagal 3(a) de Legea nr. 571/2003, privind Codul fiscal (Dlí Uimh. 571/2003 lena mbunaítear an Cód Cánach) an 22 Nollaig 2003 (*Monitorul Oficial al României*, Cuid I, Uimh. 927 an 23 Nollaig 2003, 'an Cód Cánach'):

'Beidh na cánacha agus na muirir a rialaítear leis an gCód seo bunaithe ar na prionsabail seo a leanas:

(a) neodracht na mbeart cánach i leith catagóirí éagsúla infheisteoirí agus caipitil chomh maith le cineálacha úinéireachta, lena n-áirithítear cothrom iomaíochta d'infheisteoirí agus do chaipiteal na Rómáine agus d'infheisteoirí agus caipiteal coigríche'.

11 Foráiltear le hAirteagal 126(1) den Chód Cánach:

'Chun críocha CBL, beidh idirbhearta a chomhlíonann na coinníollacha carnacha seo a leanas inchánach sa Rómáin:

(a) idirbhearta, de réir bhrí Airteagail 128 go 130, a láimhseáiltear nó a dhéileáiltear leo mar sholáthar earraí nó seirbhísí, a chumhdaítear le CBL, a dhéantar ar chomaoin'.

12 Foráiltear le hAirteagal 128(7) den Chód Cánach:

'Ní hionann aistriú iomlán sócmhainní nó cuid díobh, a dhéantar tráth an aistrithe sócmhainní agus/nó dliteanas, de réir mar a bheidh, gan beann ar cé acu a dhéantar nó nach ndéantar an t-aistriú sin mar thoradh ar dhíolachán nó mar thoradh ar idirbhearta amhail deighilt, cumasc nó mar ranníocaíocht chomhchineáil le caipiteal cuideachta, agus soláthar earraí más duine inchánach é aistrí na n-earraí. Measfar gurb é nó í an t-aistrí duine an aistreora i gcónaí maidir leis an gceart asbhainte dá bhforáiltear le dlí a choigeartú.'

13 Is mar seo a leanas atá an fhoclaíocht in Airteagal 145(2) den Chód Cánach:

'Tá an ceart ag gach duine inchánach chun cáin atá dlite a bhaineann le ceannacháin a asbhaint ina mbeidh siad beartaithe iad a úsáid le haghaidh na n-idirbheart seo a leanas:

(a) idirbhearta inchánach;

(b) idirbhearta a eascraíonn as gníomhaíochtaí eacnamaíocha a meastar an áit soláthair a bheith ar an gcoigríoch ina leith, i gcás ina mbeadh an cháin in-asbhainte dá ndéanfaí na hidirbhearta sin sa Rómáin;

(c) idirbhearta atá díolmhaithe i gcomhréir le hAirteagail 143, 144 agus 144a;

(d) idirbhearta atá díolmhaithe faoi Airteagal 141(2) (a) (1) go (5) agus (b), i gcás ina bhfuil an custaiméir bunaithe lasmuigh den Chomhphobal [Eorpach] nó i gcás ina bhfuil baint dhíreach ag na hidirbhearta sin le hearraí a bheartaítear a onnmhairiú lasmuigh den Chomhphobal, agus le hidirbhearta a dhéanann idirghabhálaithe ag gníomhú dóibh in ainm agus thar ceann duine eile, i gcás ina bhfuil baint acu leis na hidirbhearta sin;

(e) idirbhearta dá dtagraítear in Airteagal 128(7) agus in Airteagal 129(7), má tá feidhm ag an gcáin maidir leis an aistriú sin.'

Cód um Nós Imeachta Cánach

14 Foráiltear le hAirteagal 84 de Ordonanța Guvernului nr. 92/2003 privind Codul de procedură fiscală (Ordú Rialtais Uimh. 92/2003 maidir leis an gCód Nós Imeachta Cánach, 'Cód um Nós Imeachta Cánach'):

'1) Féadfaidh an duine inchánach tuairisceáin chánach a choigeartú ar a thionscnamh féin laistigh den tréimhse theorann maidir leis an gceart chun oibleagáidí cánach a bhunú.

2) Féadfar tuairisceáin chánach a cheartú aon uair a thagann an duine inchánach ar an eolas faoi earráidí sa tuairisceán tosaigh, trí thuairisceán ceartaithe a chomhdú.

3) I gcás [CBL], ceartófar earráidí atá le feiceáil i dtuairisceáin CBL ar bhonn fhorálacha an Chóid Cánach. Ceartófar earráidí cléireachais sa tuairisceán [CBL] i gcomhréir leis an nós imeachta arna fhormheas le hordú ó Uachtarán an [Agenția Națională de Administrare Fiscală (an Ghníomhaireacht Náisiúnta um Riarachán Fioscach, ANAF)].

4) Ní féidir tuairisceáin chánach a chomhdú ná a cheartú tar éis aon fhorchoimeádas a cuireadh in iúl san iniúchadh ina dhiaidh sin a tharraingt siar, cé is moite de chásanna ina bhfuil gá leis an gceartú mar thoradh ar choinníoll a leagtar síos le dlí a chomhlíonadh nó gan é a chomhlíonadh, lena gceanglaítear an méid inchánach agus/nó an cháin ghaolmhar a cheartú.

5) Chun críocha an airteagail seo, ciallóidh "earráidí" earráidí a bhaineann le méid na gcánacha, na muirear agus na ranníocaíochtaí, na n-earraí inchánach agus an ioncaim inchánach, nó aon ghné eile den mhéid inchánach.

6) I gcás ina gcomhdaíonn nó ina gcoigeartaíonn an cáiníocóir, le linn iniúchadh cánach, na tuairisceáin chánach a bhaineann leis na tréimhsí agus na cánacha, na ranníocaíochtaí agus an t-ioncam eile is ábhar don iniúchadh cánach sin, ní chuirfidh na húdaráis chánach san áireamh iad.'

15 Foráiltear le hAirteagal 90 de Chód um Nós Imeachta Cánach:

'1) Cinnfear an méid dliteanais cánach faoi réir rialú ina dhiaidh sin.

2) Féadfar an fógra cánach arna eisiúint faoi réir maoirseacht ina dhiaidh sin a neamhniú nó a leasú, ar thionscnamh an údaráis chánach nó arna iarraidh sin don cháiníocóir, ar bhonn thorthaí an údaráis cánach inniúil.

3) Ní chuirfear deireadh le forchoimeádas an iniúchta ina dhiaidh sin ach amháin ar dhul in éag na tréimhse teorann nó tar éis an iniúchta cánach a dhéanfar laistigh den tréimhse theorann.

4) Má cheartaíonn an cáiníocóir na tuairisceáin chánach i gcomhréir le hAirteagal 84(4), gabhfaidh éifeacht le forchoimeádas an rialaithe ina dhiaidh sin.'

16 Foráiltear le hAirteagal 91 de Chód um Nós Imeachta Cánach:

‘1) Tá cosc ama ar an údarás cánach oibleagáidí cánach a bhunú laistigh de 5 bliana, mura bhforáiltear a mhalairt le dlí.

2) Cuirfear tús leis an tréimhse theorann don cheart dá bhforáiltear i mír 1 ón 1 Eanáir den bhliain tar éis na bliana inar tháinig an t-éileamh cánach chun cinn i gcomhréir le hAirteagal 23, mura bhforáiltear a mhalairt le dlí.

3) Beidh an ceart chun oibleagáidí cánach a bhunú faoi urchosc ama laistigh de 10 mbliana nuair is toradh iad ar ghníomh dá bhforáiltear leis an dlí coiriúil a bheith déanta.

4) Rithfidh an tréimhse a leagtar síos i mír 3 ón dáta a dhéanfar an gníomh ar cion é a ngearrfar pionós air sa cháil sin le cinneadh breithiúnach críochnaitheach’

An díospóid sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna a tharchuirtear

17 Le linn na tréimhse ón 23 Samhain 2015 go dtí an 15 Iúil 2016, bhí Greentech faoi réir cigireacht cánach as ar eascair eisiúint measúnaithe cánach lena bhforchuirtear ar mheabhrúcháin Greentech méid RON 4 388 720 (thart ar EUR 882 352) i leith CBL agus costais choimhdeacha. D’eascair forchur na meabhrúchán sin as an athaicmiú a rinne údaráis chánach na Rómáine ar dhíol trealaimh ag Greenfiber International SA (‘Greenfiber’) le Greentech, a measadh ar dtús mar sholáthar earraí atá faoi réir CBL lena dtugtar an ceart do Greentech an CBL ar ionchur a íocadh a asbhaint, trí pháirt iomlán na sócmhainní a aistriú idir dhá chuideachta ghaolmhara, idirbheart nach bhfuil faoi réir CBL i gcomhréir le hAirteagal 128(7) den Chód Cánach.

18 Ina theannta sin, le linn na tréimhse ón 28 Bealtaine go dtí an 17 Samhain 2015, bhí Greenfiber faoi réir cigireacht cánach as ar eascair eisiúint measúnaithe cánach an 26 Samhain 2015. I gcomhthéacs na cigireachta sin, bhí an t-údarás sin den tuairim go raibh an chóireáil cánach a chuir Greenfiber agus Greentech i bhfeidhm ar aistriú earraí, eadhon go raibh an t-idirbheart faoi réir CBL, ceart agus, dá bhrí sin, gur bhailigh agus gur íoc Greenfiber CBL ar an idirbheart sin i gceart leis an Státchiste.

19 Ós rud é gur diúltaíodh go páirteach don agóid a thaisc Greentech i gcoinne an fhógra measúnaithe cánach maidir leis na meabhrúcháin CBL a éilíodh uaidh, thug Greentech caingean os comhair Curtea de Apel Ploiești (Cúirt Achomhairc Ploiești, an Rómáin).

20 An 26 Samhain 2018, sheas an chúirt sin le caingean Greentech agus chuir sí an cinneadh lenar diúltaíodh don ghearán sin (‘breithiúnas an 26 Samhain 2018’) ar neamhní go páirteach.

21 An 12 Márta 2019, chuir Curtea de Apel Ploiești (Cúirt Achomhairc Ploiești) an fógra measúnaithe cánach agus an tuarascáil maidir le hiniúchadh cánach a rinneadh ag Greentech ar neamhní go páirteach freisin.

22 Rinne údaráis chánach na Rómáine achomharc i gcoinne bhreithiúnas an 26 Samhain 2018, arna fhorlíonadh le breithiúnas an 12 Márta 2019, os comhair an Înalta Curte de Casație și Justiție (an Ard-Chúirt um Achomharc agus um Cheartas, an Rómáin), arb í an chúirt a rinne an tarchur í.

23 An 23 Samhain 2021, cheadaigh an chúirt sin an t-achomharc, chuir sí breithiúnas an 26 Samhain 2018 ar neamhní go páirteach agus, trí rialú arís, sheas sí i bpáirt le caingean Greentech, a mhéid a chuir sí na gníomhartha riaracháin cánach atá faoi chonspóid ar neamhní, a mhéid a bhaineann leis na meabhrúcháin a tarraingíodh suas le haghaidh 2009 amháin ('breithiúnas an 23 Samhain 2021'). Diúltaíodh do ghníomh Greentech toisc é a bheith gan bhunús maidir leis an gcuid eile agus laghdaíodh an méid a leithdháileadh roimhe seo ar Greentech i leith costas.

24 Thug Greentech caingean chun athbhreithniú a dhéanamh ar an mbreithiúnas sin os comhair an Înalta Curte de Casație și Justiție (an Ard-Chúirt um Achomharc agus um Cheartas), ag maíomh nár thug an breithiúnas sin aird ar chásdlí na Cúirte, go háirithe breithiúnais an 26 Aibreán 2017, *Farkas* (C-564/15, EU:C:2017:302), agus an 11 Aibreán 2019, *PORR Építési Kft.* (C-691/17, EU:C:2019:327), faoinar gá an ceart chun CBL a asbhaint a aithint freisin i gcásanna nach dtagann na hidirbhearta atá i gceist faoi raon feidhme CBL, más léir ó imthosca ar leith an cháis go mbeadh sé dodhéanta nó thar a bheith deacair an tsuim a d'íoc an duine a d'íoc í a aisghabháil, agus an baol ann go mbainfí an bonn de phrionsabail na neodrachta agus na héifeachtachta CBL ar shlí eile.

25 An 31 Eanáir 2023, sheas an Înalta Curte de Casație și Justiție (an Ard-Chúirt um Achomharc agus um Cheartas) leis an gcaingean athbhreithnithe sin agus chuir sé breithiúnas an 23 Samhain 2021 i leataobh go páirteach i bhfianaise an fhorais achomhairc a bhaineann le hathaicmiú an idirbhirt a bhaineann le trealamh a dhíol mar tharchur earraí. D'ordaigh an chúirt sin rialú nua ar an bpléadáil sin agus d'éist sí leis na páirtithe ag éisteacht an 9 Bealtaine 2023.

26 Tugann an chúirt a rinne an tarchur dá haire, *inter alia*, a mhéid a deimhníodh le breithiúnas an 26 Samhain 2018 go raibh an chóireáil cánach a thug Greenfiber agus Greentech don idirbheart atá i gceist ceart, nach raibh aon chúis bhailí ag na cuideachtaí sin chun an sonrasc lenar taifeadadh an t-idirbheart sin a cheartú sular tugadh breithiúnas an 23 Samhain 2021. Thairis sin, ní fhéadfadh Greenfiber an sonrasc sin a cheartú go dtí go mbeadh an breithiúnas sin tugtha. Mar sin féin, ar dháta an bhreithiúnais sin, bhí cosc ama cheana féin ar an gceart chun an sonrasc sin a cheartú, agus chuaigh an tréimhse theorann in éag i mí na Bealtaine 2021.

27 Measann an chúirt sin gur féidir an cás os a comhair a chur i gcomparáid leis an gcás as ar eascair breithiúnas an 26 Aibreán 2017, Farkas (C-564/15, EU:C:2017:302), ag féachaint, ar a laghad, do neamhfhéidearthacht oibiachtúil CBL a aisghabháil toisc go gcuirtear cosc ar Greenfiber an sonrasc agus an ráiteas CBL a cheartú tar éis dhul in éag na tréimhse teorann dá bhforáiltear ina leith sin. Ní mór an staid sin a chur i gcomparáid freisin leis an staid as ar eascair breithiúnas an 11 Aibreán 2019, PORR Építési Kft. (C-691/17, EU:C:2019:327), i gcás ina ndealródh sé go mbeadh sé dodhéanta nó ródheacair CBL a aisghabháil ó eisitheoir an tsonraisc. Ar an gcéad dul síos, bhí an tréimhse theorann in ábhair chánach imithe in éag, agus mar thoradh air sin níorbh fhéidir le Greenfiber na sonraisc a cheartú, agus, ar an dara dul síos, dhearbhaigh údaráis chánach na Rómáine, tar éis na cigireachta cánach a rinneadh ar áitreabh Greenfiber, go ndearna Greenfiber an CBL lena mbaineann a shonrascadh agus a íoc i gceart.

28 Fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur freisin, i bhfianaise léiriú na Treorach maidir le CBL, an bhfuil sé ábhartha gur chaith údaráis chánach na Rómáine ar dhá bhealach go hiomlán difriúil leis an idirbheart tráchtála céanna a bhaineann le trealamh ar eascair bailiú CBL as a aistriú, eadhon, ar an gcéad dul síos, mar idirbheart atá faoi réir CBL do Greenfiber óna bhfuarthas an trealamh sin agus ar íoc Greentech CBL leis, agus, ar an dara dul síos, mar idirbheart nach bhfuil faoi réir CBL do Greentech.

29 Sna himthosca sin, chinn an Înalta Curte de Casație și Justiție (an Ard-Chúirt um Achomharc agus um Cheartas) bac a chur ar na himeachtaí agus an cheist seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:

‘An gcuirtear cosc le prionsabail na neodrachta, na deimhneachta dlíthiúla agus an ionchais dhlisteanaigh a chosaint, arna rialú le hAirteagail 2 agus 19 agus Airteagal 168 den [Treoir maidir le CBL], arna léamh i gcomhar le hAirteagal 203 di, ar dhiúltú aitheantas a thabhairt don cheart CBL arna íoc i ndáil le hidirbheart díolacháin a asbhaint, a d’athaicmíodh ina dhiaidh sin ag an údarás cánach mar aistriú gnó lasmuigh de raon feidhme CBL, i gcás inar íocadh CBL leis an Státchiste cheana féin agus nach féidir é a aisíoc faoin dlí náisiúnta?’

An cheist a tharchuirtear

30 Mar réamhphointe, ba cheart go gcuimhneofaí, i gcomhthéacs an chomhair idir na cúirteanna náisiúnta agus an Chúirt Bhreithiúnais dá bhforáiltear in Airteagal 267 CFAE, an Chúirt Bhreithiúnais, gur faoin gCúirt Bhreithiúnais atá sé freagra a thabhairt don chúirt náisiúnta a bheidh úsáideach di agus lena gcuirfear ar a cumas cinneadh a dhéanamh sa díospóid atá roimpi. Chuige sin, tá sé de dhualgas ar an gCúirt Bhreithiúnais, i gcás inarb iomchuí, na ceisteanna a chuirtear faoina bráid a athfhoirmliú. Ina theannta sin, d’fhéadfadh sé gur ghá don Chúirt rialacha agus prionsabail dhlí an Aontais nár thagair an chúirt náisiúnta dóibh i bhfoclaíocht a ceiste a chur san áireamh (féach, chuige sin, breithiúnas an 7 Meán Fómhair 2023, *Groenland Poultry*, C-169/22, EU:C:2023:638, mír 47 agus an cásdlí dá dtagraítear).

31 Sa chás seo, is léir ón iarraidh ar réamhrialú gur gné riachtanach de shaintréith na staide atá i gceist sna príomhimeachtaí é, dar leis an gcúirt a rinne an tarchur, nach bhfuil Greentech in ann anois, go hábhartha, aisíocaíocht CBL a fháil a rinne an díoltóir, eadhon Greenfiber, a shonrasc go mícheart leis agus a d’íoc sé leis an Státchiste. I gcás den sórt sin, is é prionsabal na héifeachtachta seachas prionsabal na deimhneachta dlíthiúla nó prionsabal chosaint an ionchais dhlisteanaigh an prionsabal nach mór a chur san áireamh go háirithe.

32 Dá bhrí sin, agus d’fhonn freagra úsáideach a thabhairt don chúirt a rinne an tarchur, ní mór a thuiscint, leis an gceist a tarchuireadh, go n-iarrann an chúirt sin, go bunúsach, an gcaithfear Airteagail 168 agus 203 den Treoir maidir le CBL agus prionsabail neodracht agus éifeachtacht CBL a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leo ar reachtaíocht náisiúnta nó ar chleachtas riaracháin náisiúnta nach gceadaíonn do dhuine inchánach asbhaint CBL ionchuir a fháil ar idirbheart atá, tar éis iniúchadh cánach, athaicmithe ag na húdaráis chánach mar idirbheart nach bhfuil faoi réir CBL cé go ndealraíonn sé go bhfuil sé dodhéanta nó thar a bheith deacair don duine inchánach sin aisíocaíocht CBL a íocadh go míchuí a fháil ón díoltóir.

33 I ndáil leis sin, ba cheart a mheabhrú gur dlúthchuid de shásra CBL é an ceart asbhainte agus nach féidir, i bprionsabal, é a theorannú (breithiúnais an 15 Iúil 2010, *Pannon Gép Centrum*, C-368/09, EU:C:2010:441, mír 37, agus an 26 Aibreán 2017, Farkas, C-564/15, EU:C:2017:302, mír 42). Tá sé i gceist leis na rialacha lena rialaítear asbhaint faoiseamh iomlán a thabhairt don duine inchánach ó ualach an CBL is iníoctha nó a íoctar le linn a ghníomhaíochtaí eacnamaíocha go léir. Dá bhrí sin, áirithítear leis an gcomhchóras CBL neodracht chánach na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha uile, is cuma cad é cuspóir nó torthaí na ngníomhaíochtaí sin, ar choinníoll go bhfuil na gníomhaíochtaí sin, i bprionsabal, faoi réir CBL (breithiúnais an 22 Feabhra 2001, *Abbey National*, C-408/98, EU:C:2001:110, mír 24, agus an 26 Aibreán 2017, *Farkas*, C-564/15, EU:C:2017:302, mír 43).

34 Sa chás seo, is léir ón iarraidh ar réamhrialú go ndearnadh an t-idirbheart a rinneadh idir Greenfiber agus Greentech, a mhéid a bhaineann leis an dara duine inchánach sin, a aicmiú go cinntitheach mar idirbheart nach bhfuil faoi réir CBL ag údaráis chánach na Rómáine agus go gcuirtear cosc ar Greenfiber an sonrasc a bhaineann leis an idirbheart sin agus an ráiteas CBL a cheartú tar éis dhul in éag na tréimhse teorann a leagtar síos chun na críche sin.

35 I ndáil leis sin, i gcomhréir le cásdlí na Cúirte, i gcás amhail an cás atá i gceist sna príomhimeachtaí, inar íoc duine inchánach méid CBL a sonrascadh go míchuí, is faoi eisitheoir an tsonraisc atá sé, i bprionsabal, an méid sin a choigeartú, agus é le tuiscint, in éagmais aon fhoráil sa Treoir maidir le CBL a bhaineann le heisitheoir an tsonraisc a choigeartú go mícheart, gur faoi na Ballstáit atá sé, i bprionsabal, na coinníollacha faoina bhféadfar an CBL sin a choigeartú a chinneadh (breithiúnas an 13 Deireadh Fómhair 2022, HUMDA, C-397/21, EU:C:2022:790, mír 19 agus an cásdlí dá dtagraítear).

36 Chun neodracht CBL a áirithiú, is faoi na Ballstáit atá sé foráil a dhéanamh, ina gcórais dlí náisiúnta, don fhéidearthacht aon cháin a sonrascadh go míchuí a choigeartú, ar choinníoll go léiríonn eisitheoir an tsonraisc gur ghníomhaigh sé de mheon macánta (breithiúnas an 13 Deireadh Fómhair 2022, HUMDA, C-397/21, EU:C:2022:790, mír 20 agus an cásdlí dá dtagraítear).

37 Is léir freisin ó chásdlí na Cúirte go bhféadfadh reachtaíocht náisiúnta, ar an gcéad dul síos, faoina bhféadfadh an soláthróir a d'íoc CBL leis na húdaráis chánach trí dhearmad féachaint le haisíocaíocht a fháil agus, ar an dara dul síos, go bhféadfadh faighteoir na seirbhísí caingean dlí shibhialta a thionscnamh i gcoinne an tsoláthróra sin chun na suimeanna a íocadh ach nach bhfuil dlite a aisghabháil, de réir phrionsabail neodracht agus éifeachtacht CBL. Cuireann córas den sórt sin ar chumas an chustaiméara, a d'iompair ualach an CBL a sonrascadh trí dhearmad, aisíocaíocht a fháil ar na suimeanna a íocadh go míchuí (breithiúnas an 13 Deireadh Fómhair 2022, HUMDA, C-397/21, EU:C:2022:790, mír 21 agus an cásdlí dá dtagraítear).

38 Más rud é, mar atá sa chás seo, go bhfuil aisíoc CBL dodhéanta nó ródheacair, ceanglaítear le prionsabail na neodrachta agus na héifeachtachta CBL ar na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir leis na hionstraimí is gá chun a chur ar chumas an chustaiméara CBL a sonrascadh agus a íocadh go mícheart a aisghabháil, go háirithe trína iarratas ar aisíocaíocht a sheoladh go díreach chuig na húdaráis chánach (breithiúnas an 13 Deireadh Fómhair 2022, HUMDA, C-397/21, EU:C:2022:790, mír 22 agus an cásdlí dá dtagraítear). Dá bhrí sin, i gcás nach féidir leis an díoltóir an sonrasc a bhaineann leis an idirbheart lena mbaineann a cheartú a thuilleadh agus nach féidir leis an gceannaitheoir, dá bhrí sin, aisíocaíocht CBL a sonrascadh go mícheart a fháil ón díoltóir, ní mór don cheannaitheoir, i gcomhréir leis an gcásdlí dá dtagraítear thuas, a bheith in ann a éileamh ar aisíocaíocht a dhíriú go díreach i gcoinne an údaráis cánach.

39 Ní mór a lua, áfach, mar is léir ó mhír 45 de bhreithiúnas an 11 Aibreán 2019, PORR Építési Kft. (C-691/17, EU:C:2019:327), ní mór idirdhealú a dhéanamh idir iarratas den sórt sin ar aisíocaíocht agus éileamh ar asbhaint CBL amhail an t-éileamh atá i gceist sna príomhimeachtaí.

40 Beartaítear leis an gcóras asbhainte faoiseamh iomlán a thabhairt don duine inchánach ó ualach an CBL atá dlite nó íoctha le linn a ghníomhaíochtaí eacnamaíocha go léir agus tá feidhmiú an chirt asbhainte teoranta do chánacha atá dlite, is é sin le rá, do chánacha a chomhfhreagraíonn d'idirbheart atá faoi réir CBL nó a íocadh a mhéid a bhí siad dlite (breithiúnas an 11 Aibreán 2019, PORR Építési Kft., C-691/17, EU:C:2019:327, mír 36 agus an cásdlí dá dtagraítear). Dá bhrí sin, in éagmais idirbheart atá faoi réir CBL, ní féidir le duine inchánach

ceart a éileamh chun CBL a asbhaint i ndáil leis an idirbheart sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 11 Aibreán 2019, *PORR Építési Kft.*, C-691/17, EU:C:2019:327, mír 37). Ní chuirtear an cinneadh sin faoi cheist toisc, i gcás amhail an cás atá i gceist sna príomhimeachtaí, nach bhfuil aon bhaol ann go gcaillfí ioncam ó cháin.

41 Ós rud é gur aicmíodh an t-idirbheart atá i gceist sna príomhimeachtaí go cinntitheach mar idirbheart nach raibh faoi réir CBL, ní raibh an CBL a d'íoc Greentech le heisitheoir an tsonraisc, Greenfiber, 'dlite' de réir bhrí chásdlí na Cúirte.

42 I bhfianaise na mbreithnithe roimhe seo, is é an freagra ar an gceist a tharchuirtear ná nach mór Airteagail 168 agus 203 den Treoir maidir le CBL agus prionsabail neodrachta agus éifeachtacht CBL a léiriú sa chaoi nach gcuirtear cosc leo ar reachtaíocht náisiúnta ná ar chleachtas riaracháin nach gceadaíonn do dhuine inchánach asbhaint CBL ionchuir a fháil ar idirbheart atá athaicmithe ag na húdaráis chánach, tar éis iniúchadh cánach, mar idirbheart nach bhfuil faoi réir CBL, cé go ndealraíonn sé go bhfuil sé dodhéanta nó ródheacair don duine inchánach sin aisíocaíocht CBL a íocadh go míchuí a fháil ón díoltóir. Ceanglaítear leis na prionsabail sin, áfach, i gcás den sórt sin, nach mór don duine inchánach sin a bheith in ann a éileamh ar aisíocaíocht a dhíriú go díreach i gcoinne na n-údarás cánach.

Costais

43 Ós rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na páirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte a rinne an tarchur, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a cuireadh faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an Séú Dlísheomra) mar seo a leanas:

Maidir le hAirteagail 168 agus 203 de Threoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha agus prionsabail neodracht na cánach breisluacha (CBL) agus na héifeachtachta,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

ní chuirtear bac leo ar reachtaíocht ná ar chleachtas riaracháin náisiúnta nach gceadaíonn do dhuine inchánach asbhaint CBL ionchuir a fháil ar idirbheart atá athaicmithe ag na húdaráis chánach, tar éis iniúchadh cánach, mar idirbheart nach bhfuil faoi réir CBL, cé go ndealraíonn sé go bhfuil sé dodhéanta nó thar a bheith deacair don duine inchánach sin aisíocaíocht CBL a íocadh go míchuí a fháil ón díoltóir. Ceanglaítear leis na prionsabail sin, áfach, i gcás den sórt sin, nach mór don duine inchánach sin a bheith in ann a éileamh ar aisíocaíocht a dhíriú go díreach i gcoinne na n-údarás cánach.

Sínithe